Déardaoin 20. Eanáir 2022

P9_TA(2022)0005

Ainmniú comhalta den Chúirt Iniúchóirí – Jorg Kristijan Petrovič

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Eanáir 2022 maidir le hainmniú Jorg Kristijan Petrovič mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C9-0408/2021 – 2021/0805(NLE))

(Comhairliúchán)

(2022/C 336/09)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0408/2021),

— ag féachaint do Riail 129 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0005/2022),

A. de bhrí go ndeachaigh an Chomhairle, i litir an 5 Samhain 2021, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Jorg Kristijan Petrovič a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar dhintiúir an ainmní, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht leis an ainmní ina dhiaidh sin an 10 Eanáir 2022, éisteacht ina ndearna an t-ainmní ráiteas tosaigh agus inar fhreagair an t-ainmní ceisteanna ó chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar ainmniú Jorg Kristijan Petrovič ag an gComhairle mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. Á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.